C/2026/3492

1.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12469 — MUNICH RE / OAKTREE / PARTNERSHIP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3492)

1. An 24 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— ERGO Private Capital Gesundheit GmbH ('ERGO', an Ghearmáin), atá faoi rialú Münchener Rückversicherungs-Gesellschaft Aktiengesellschaft in München ('München RE', an Ghearmáin),

— Saturn Holdco S.A.U. ('Saturn', an Spáinn), atá faoi rialú cistí áirithe arna mbainistiú ag Oaktree Capital Holdings, LLC ('Oaktree', na Stáit Aontaithe), atá faoi rialú deiridh Oaktree Capital Group Holdings GP, LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá) agus Brookfield Corporation (Ceanada),

— Punann tithíochta réadmhaoine inacmhainne (an 'Punann Tithíochta', an Spáinn), atá faoi úinéireacht Oaktree faoi láthair.

Gheobhaidh Munich RE agus Oaktree rialú comhpháirteach ar an bPunann Tithíochta de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá gnólachtaí cothromais phríobháidigh intíre agus eachtracha ag ERGO agus infheistíonn sé iontu agus is cuid de ERGO Group AG é, grúpa árachais Gearmánach a bhfuil gníomhaíochtaí aige ar fud an domhain. Is cuideachta (ath) árachais idirnáisiúnta é München RE,

— Tá Saturn ag gabháil do rannpháirtíochtaí i gcuideachtaí agus i struchtúir infheistíochta eile a ardú, a bhainistiú, a chomhordú agus a mhaoiniú, go príomha sa Spáinn. Is gnólacht bainistíochta infheistíochta domhanda é Oaktree a infheistíonn i bhfiachas broide, i mbannaí ardtoraidh, in urrúis in-chomhshóite agus i dtáirgí airgeadais agus réadmhaoine eile. Is gnólacht infheistíochta domhanda é Brookfield a bhfuil gníomhaíochtaí aige i mbainistiú sócmhainní, réitigh rachmais, bonneagar, fuinneamh, cothromas príobháideach agus réadmhaoin.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an ngnóthas Punann Tithíochta: úinéireacht agus léasú réadmhaoine cónaithe i gcathracha áirithe sa Spáinn, lena n-áirítear Maidrid, Benidorm agus Valencia. Is éard atá ann faoi láthair thart ar 2 500 teach inacmhainne sa Spáinn.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12469 — MUNICH RE / OAKTREE / PARTNERSHIP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË